Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15913/25**

**AGRILEG 185**
**PESTICIDE 27**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 24 Samhain 2025 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D109998/02 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh *Allium fistulosum*, próiseáilte; líseáit *Willaertia magna*; hiodrocsaíd mhaignéisiam E528; millíní triomaithe *Onobrychis viciifolia* (goirm choiligh) agus eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D109998/02.

---

Faoi iamh: D109998/02

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/2122
(POOL/E4/2025/2122/2122-EN.docx)
D109998/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh *Allium fistulosum*, próiseáilte; líseáit *Willaertia magna*; hiodrocsaíd mhaignéisiam E528; millíní triomaithe *Onobrychis viciifolia* (goirm choiligh) agus eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh *Allium fistulosum*, próiseáilte; líseáit *Willaertia magna*; hiodrocsaíd mhaignéisiam E528; millíní triomaithe *Onobrychis viciifolia* (goirm choiligh) agus eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substaintí gníomhacha *Allium fistulosum*, próiseáilte; líseáit *Willaertia magna*; hiodrocsaíd mhaignéisiam E528; millíní triomaithe *Onobrychis viciifolia* (goirm choiligh) agus eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) níl aon uasleibhéal sonrach iarmhar socraithe. Dá bhrí sin, i gcás na substaintí gníomhacha sin tá feidhm ag an luach réamhshocraithe de 0,01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) An 11 Samhain 2024, d'fhormheas an Coimisiún *Allium fistulosum*, próiseáilte, mar shubstaint bhunata[2] i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009[3]. Ní mheastar go mbeidh iarmhair i dtráchtearraí bia nó beatha a d'fhéadfadh a bheith ina riosca don tomhaltóir de thoradh choinníollacha úsáide na substainte sin agus, dá bhrí sin, níl gá le huasleibhéil iarmhar ina leith. Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint sin a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

---

1 IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

2 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2878 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2024 lena bhformheastar an tsubstaint bhunata Allium fistulosum, próiseáilte, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2024/2878, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2878/oj).

3 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

(3) An 17 Meitheamh 2025, d'fhormheas an Coimisiún Líseáit *Willaertia magna* mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009[4]. Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid nach raibh gá le luachanna tagartha tocsaineolaíocha don tsubstaint sin toisc nach léiríonn sé aon airí guaiseach[5]. Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint sin a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(4) An 13 Márta 2024, d'fhormheas an Coimisiún hiodrocsaíd mhaignéisiam E528 mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009[6]. Ní mheastar go mbeidh iarmhair i dtráchtearraí bia nó beatha a d'fhéadfadh a bheith ina riosca don tomhaltóir de thoradh choinníollacha úsáide na substainte sin agus, dá bhrí sin, níl gá le huasleibhéil iarmhar ina leith. Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint sin a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(5) An 27 Meitheamh 2024, d'fhormheas an Coimisiún millíní triomaithe *Onobrychis viciifolia* (goirm choiligh) mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009[7]. Ní mheastar go mbeidh iarmhair i dtráchtearraí bia nó beatha a d'fhéadfadh a bheith ina riosca don tomhaltóir de thoradh choinníollacha úsáide na substainte sin agus, dá bhrí sin, níl gá le huasleibhéil iarmhar ina leith. Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint sin a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(6) An 22 Eanáir 2025, d'fhormheas an Coimisiún eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009[8]. Ní mheastar go mbeidh iarmhair i dtráchtearraí bia nó beatha a d'fhéadfadh a bheith ina riosca don tomhaltóir de thoradh choinníollacha úsáide na substainte sin agus, dá bhrí sin, níl gá le huasleibhéil iarmhar ina leith. Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint sin a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

---

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1177 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2025 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach líseáit *Willaertia magna* mar shubstaint ghníomhach ísealriosca i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2025/1177, 17.6.2025, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1177/oj).

5 Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach líseáit *Willaertia magna* C2c Maky. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025;23(1): e9194. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9194.

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/836 ón gCoimisiún an 12 Márta 2024 lena bhformheastar an tsubstaint bhunata hiodrocsaíd mhaignéisiam E528 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2024/836, 13.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/836/oj).

7 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1768 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2024 lena bhformheastar an tsubstaint bhunúsach millíní triomaithe *Onobrychis viciifolia* (goirm choiligh) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1768, 27.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1768/oj).

8 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/96 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2025 lena bhformheastar an tsubstaint bhunúsach eastóscáin síl Vitis vinifera L. (eastóscán síl fíonchaoire), i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2025/96, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/96/oj).

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach in ord aibítre in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005: *Allium fistulosum*, próiseáilte; Líseáit *Willaertia magna*; Hiodrocsaíd mhaignéisiam E528; Millíní triomaithe *Onobrychis viciifolia* (goirm choiligh); Eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*